2024/3196

19.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/3196 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le duillí raidise

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na táirgí de bhunadh plandaí agus ainmhíoch a bhfuil feidhm ag na huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí ('MRLanna') arna socrú i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir leo, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2018/62 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach iontráil nua le haghaidh 'duillí raidise' i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, mar tháirge a raibh feidhm le bheith ag na MRLanna céanna le 'cál' maidir leis. Tar éis faisnéis a fháil lena dtugtar le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh na MRLanna le haghaidh cál oiriúnach do dhuillí raidise i ngach cás agus go raibh gá le trialacha sonracha ar iarmhair ar dhuillí raidise chun na MRLanna iomchuí a dheimhniú, le Rialachán (AE) 2018/1049 ón gCoimisiún ([3]) foráladh maidir le hidirthréimhse sula mbeadh feidhm ag na MRLanna sin maidir le 'duillí raidise' chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na sonraí ba ghá a bhailiú i dtaobh an iomchuí na MRLanna le haghaidh 'cál' a chur i bhfeidhm maidir le 'duillí raidise'. Ansin cuireadh síneadh leis an tréimhse sin go dtí an 1 Eanáir 2025 le Rialachán (AE) 2021/1771 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Sholáthair na Ballstáit torthaí inar léiríodh, i gcás na gcineálacha raidisí a bhfuil duillí beaga orthu (*Raphanus sativus* var. *radicula*), gurbh iad na dea-chleachtais talmhaíochta is cosúla na dea-chleachtais a úsáideadh le haghaidh ruachán Rómhánach, ar leis an bhfine luibheolaíoch chéanna é (*Brassicaceae*) agus a bhfuil cosúlachtaí moirfeolaíocha aige leis, agus i gcás na gcineálacha raidisí a bhfuil duillí móra orthu (*Raphanus sativus* var. *longipinnatus* agus *Raphanus sativus* var. *niger*), gurbh iad na dea-chleachtais talmhaíochta is cosúla na dea-chleachtais a úsáideadh le haghaidh cáil.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí dhá iontráil ar leith le haghaidh duillí raidise a áireamh i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, trí iontráil nua le haghaidh 'duillí raidise beaga' a bhfuil feidhm le bheith ag na MRLanna céanna le 'Ruachán Rómhánach' maidir leo, agus is iomchuí an iontráil atá ann cheana i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a mhodhnú ó 'dhuillí raidise' go 'duillí raidise móra' a bhfuil feidhm le bheith ag na MRLanna céanna le 'cáil' i gCuid A den Iarscríbhinn sin maidir leo. Ba cheart ainmneacha eolaíocha na speiceas agus na gcineálacha lena mbaineann na táirgí a áireamh sna hiontrálacha sin freisin.

(5) Ós rud é go bhfuil na sonraí is gá soláthraithe ag na Ballstáit anois, ba cheart an fonóta a bhaineann leis an idirthréimhse le haghaidh duillí raidise a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/62 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2018 lena ndéantar ionadú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 18, 23.1.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/62/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1049 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 26.7.2018, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1049/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2021/1771 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le duillí raidise (IO L 356, 8.10.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1771/oj).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála (0243020-008) le haghaidh 'duillí raidise':

'0243020	Cáil		0243020-001	Cabáistí bó/cáil chatacha	*Brassica oleracea* var. *viridis*
			0243020-002	Cabáistí bó/cáil ghas	*Brassica oleracea* var. *acephala* subvar. *medullosa*
			0243020-003	Cabáistí bó/cáil phailme	*Brassica oleracea* var. *longata*
			0243020-004	Duillí cálráibí	*Brassica oleracea* var. *gongylodes*
			0243020-005	Cáil Shibéaracha	*Brassica napus* var. *pabularia*
			0243020-006	Cáil Phortaingéalacha	*Brassica oleracea* convar. *costata*
			0243020-007	Cál pailme	*Brassica oleracea* var. *gongylodes*
			0243020-008	Duillí raidise **móra**	**Raphanus sativus var. longipinnatus agus var. niger'**

(2) cuirtear isteach an iontráil nua seo a leanas le haghaidh 'duillí raidise beaga' (0251060-002) i ndiaidh caolduilleach (0251060-001):

'0251060	Ruachán Rómhánach		0251060-001	Ruachán caolduilleach	*Diplotaxis tenuifolia*
			0251060-002	**Duillí raidise beaga**	***Raphanus sativus* var. *radicula***'

(3) scriostar fonóta (3).